

❁ An Lúibín ❁

25 Lúnasa 2011

Siompóisiam na dTeanga Ceilteacha: é curtha siar

Tá siompóisiam curtha siar a bhí le bheith ar siúl in Ollscoil Sydney ar 25 agus 26 Lúnasa i mbliana ar na teangacha Ceilteacha san Astráil, agus súil le páipéir nó le léirithe eile ar stair na dteangacha úd nó ar an dearcadh atá ina leith. Ar an droch-uair, ní féidir le scoláirí suntasacha áirithe teacht i mbliana, agus cuirfear an ócáid siar go dtí an bhliain 2012.

Táthar ag súil i gcónaí go ndéanfar staidéar mór ar cheist úd na dteangacha de thoradh an tsiompóisiam. Dá bhrí sin tabharfar tús áite do liostaí criticiúla leabhar nó do suirbhéanna ar an mbunábhar nó ar ábhar thánaisteach.

Idir an dá linn táthar ag iarraidh ar dhaoine achoimrí páipéar a chur isteach chun an Dr Pamela O'Neill: pamaladh@gmail.com

●●●●●●●●

Cabhair don scríbhneoir: suíomh nua

Tá áiseanna ar fáil d'aistritheoirí, d'eagarthóirí agus do gach duine a scríobhann i nGaeilge ar an suíomh nua seo: www.aistear.ie. Tá cleachtaí aistriúcháin agus eagarthóireachta ann, téacsanna suntasacha agus eolas ar an deacrachtaí is coitianta sa teanga.

Deir an t-eagarthóir (Antain Mac Lochlainn) go bhfuil fáilte aige roimh chabhair ón bpobal i ngeall ar na deacrachtaí sin. Má fheiceann daoine gur minic ciall neamhchruinn á baint as focal nó é á mhílitriú, is cóir na samplaí sin a thabhairt dó chun saothar mór tagartha a chur ar fáil.

Tá Antain ina phríomhtheagascóir in Aonad na dTeangacha in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, agus chuidigh Foras na Gaeilge leis an suíomh a sholáthar.

●●●●●●●●

Lámh dhearg

Deirtear go bhfuil fíor-Ghaeltacht i mBéal Feirste, feadh Bhóthar Sheoighe ar aon chuma, agus an Ghaeilge ina teanga ghréasáin ar fud an chuid eile den chathair. Ní féidir an neartú seo a scaradh amach ó chúrsaí polaitíochta agus sóisialta, an teanga ina comhartha féiniúlachta ag mionlach i dtréimhse shuaite. Tá síocháin mhíshocair ann anois, agus tá an teanga ag borradh fós.

Bhí cruthú an scéil le fáil an mhí seo sa chathair agus deireadh seachtaine na nGael ar siúl, an Chultúrlann plódaithe ar Bhóthar na bhFál agus 350 duine ag Scoil Samhraidh Mhic Reachtain. Ní slua ollmhór atá i gceist, ach slua atá mór a ndóthain chun a lorg a fhágáil ar an gcathair.

Is fada Gaeilgeoirí Uladh scoite amach óna leithéidí sa deisceart. Dream ar leith iad i dtaca lena ndearcadh agus lena gcanúint. Tá sé de bhuntáiste acu gur pobal dlúthfhite iad agus treallús ar leith iontu, treallús atá de dhíth uaireanta an Ghaeilgeoirí na Poblachta. D'fhéadfadh Gaeilgeoirí Uladh leas an oileáin uile a dhéanamh mar eiseamláir agus de thoradh a ndíochill. Tá dearmad déanta ag an gcuid is dúire de na dílseoirí ar an mbaint a bhí ag an teanga le saol a sinsear féin, ach is dócha go bhfuil baint

nach beag ag an nGaeilge le beocht na gceantar náisiúnaíoch i mBéal Feirste i gcúrsaí sóisialta agus cultúir. Deirtear go leanann an t-airgead an teanga na laethanta seo, agus ba dheacair an argóint sin a bhréagnú thuaidh.

Ní chaillfidh na hUltaigh a neamchoitiantacht (nó, más fearr leat, a n-aistíl) choíche – agus is maith an rud é. Tá súil againn go mbeidh a rian sin ar chinniúint na Gaeilge.

©©©©©©©©

Ailbhe Ní Ghearbhuigh: file na sráideanna neoin

Tá sí óg – rugadh í sa bhliain 1984 i dTrá lí. Tá sí oilte – BA i nGaeilge agus i bhFraincis aici ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus MA sa Nua-Ghaeilge lena chois. Thug sí tamall sa Fhrainc (Épernay, Roazhon, Bordeaux) agus tamall eile sna Stáit ina múinteoir Gaeilge. Í ag scríobh léi i gcónaí – dánta ar na hirisí, dánta á léamh os comhair an phobail, agus a céad chnuasach – *Péacadh* – foilsithe ag Coiscéim sa bhliain 2008.

Tá Gaeilge ár linne, ar nós gach teanga eile, breac agus dubh le véarsaíocht. Anois agus arís sceitheann éan as an ealta – file ceart. Tá Ní Ghearbhuigh ina duine de dhream beannaithe na héigse, rud is léir ón gcéad léamh. Línte glana greanta gonta atá saor ó fhoclachas an chlabaire, agus saobhéirim an fhíorfhile á léiriú iontu.

Tá cinniúint na teanga mar uirlis liteartha le haithint ar phearsa agus ar shaothar an fhile seo – teanga oilte, teanga shráide, teanga a bhfuil a haghaidh ar an Eoraip. Blaiseann an file ‘allas na cathrach’ – blas is dual agus is dúchas di. Ach is í Ní Ghearbhuigh féin cathair cheart a cónaithe, ós óna cuisle agus óna croí a eascraíonn a guth agus a gearán. A mian féin a chuireann sí in iúl. Ní hionann sin is a rá nach bhfuil fuarchúis inti nuair is gá, ach tá déine an mhothúcháin le haithint i gcónaí.

Tugann gach file faoin obair ar a shlí féin, agus déanann Ní Ghearbhuigh ábhar a scéil a phearsanú minic go leor. Féach *Bealtaine*: ‘slogann tú beatha / nóscumaliom / le cith is gealán’. Nó dán a scríobh sí faoin teanga féin, ábhar mearaithe dosheachanta: ‘Admhaím corrlá / bím traochta / dá cosaint os comhair an tsaoil’ – cailleach úd na hanachaine a bhfuil an bás i ndán di mar atá don fhile féin (*Laethanta Lagmhisnigh*).

Ní file ‘deacair’ í Ní Ghearbhuigh. Í grástúil, sofaisticiúil, agus dorchadas ina saothar a bhfuil fíorbhlas na beatha air, cé go bhfuil sé bunoscionn, b’fhéidir, le scéimh úd na hóige. Tuigeann sí an seanfhocal a deir nach mbíonn aon sólás ná go leanann a dhólás féin é. Imeacht gan teacht an duine, an grá nach leigheastar. Ach bíonn an tsráid féin ag siúl léi, rud beo a bhfuil a ghlór binn neamhbhásmar féin aige:

*ach lasann soilse neoin
cúinní coimhthíocha mo chroí
lonraíonn scéal ar
aghaidheanna stróinséirí*

*faoiseamh a gheobhadsa
ar mo ghrianán gealaí
mo chluas le hamhrán tráchtá*

(Filleadh ar an gCathair)

Tá roinnt dánta dá cuid, in éineacht le haistriúcháin Bhéarla, le fáil ar 'Ailbhe Ní Ghearbhuigh,' Livia Brennan, Ireland - Poetry International Web:

http://ireland.poetryinternationalweb.org/piw/cms/cms_module/index.php?obj_id=18333.

©©©©©©©©

Méadú na gaelscolaíochta

Molann an Chomhairle Mhúinteoireachta go mbeadh scrúdú ar leith ann ar Ghaeilge na ndaoine úd arb áil leo dul le bunmhúinteoireacht. Agus ní hiad amháin atá i gceist: moltar go dtástálfaí Gaeilge na ndaoine a bhfuil fonn orthu an teanga a mhúineadh sna meánscoileanna.

Idir an dá linn, táthar chun Gaelcholáistí nua a bhunú. Deir an Roinn Oideachais agus Scileanna go mbeidh trí mheánscoil lán-Ghaeilge ar a laghad i measc na gceithre mheánscoil déag nua atá le hoscailt. Deirtear go mbeidh gaelcholáistí ag oscailt i nDún Droma, i mBaile Brigín i mBaile Átha Cliath agus i gCarraig Uí Leighin i gContae Chorcaí. Tá Gaelscoileanna, eagraíocht lucht gaelscolaíochta, an-sásta leis seo, ach bheidís níos sásta fós dá mbunófaí buncholáistí i Maigh Nuad agus i nDroichead Átha, dhá áit a bhfuil éileamh orthu. Deirtear go bhfuil neart daltaí réamhchláraithe.

Tá conspóid ann nach bhfuil réitithe fós – conspóid faoin gcóimheas idir daltaí agus múinteoirí sna gaelscoileanna. Ba mhaith leis an Roinn é a ardú, agus anuas go dtí seo táthar ag cloí leis an mbeartas sin.



Éireannaigh agus Bundúchasaigh: caidreamh agus neamhchaidreamh

Patrick O'Farrell, staraí mór na nÉireannach san Astráil, is mó, b'fhéidir, a chuir údarás leis an tuairim go raibh caidreamh ar leith ag na hÉireannaigh agus ag na Bundúchasaigh ar a chéile, tuairim a raibh sólas éigin ag siúl leis agus léiriú á dhéanamh ar an drochíde a d'fhulaing na Bundúchasaigh ó theacht na nEorpach i leith.

I dtaca le líon daoine de bhí an-tábhacht leis na hÉireannaigh san Astráil ar feadh an 19ú haois, agus éagsúlacht ag baint leo ar gach slí – Caitlicigh, Protastúnaigh, daoránaigh, saighdiúirí, feirmeoirí, sclábhaithe, póilíní, cailíní aimsire agus mná tí, tábhairneoirí (idir mhná agus fhir), múinteoirí, dochtúirí agus baill eile den mheánaicme gairmiúil. Daoránaigh agus athdhaoránaigh, póilíní agus daoine eile amuigh faoin tuath, ba iad sin na daoine ba mhinice a bhuaileadh leis na Bundúchasaigh, ar shlite oifigiúla agus neamhoifigiúla.

Tá athscrúdú déanta ag Ann McGrath, staraí, ar theoiric úd an dea-chaidrimh. Mar a deir sí, áitíonn O'Farrell gurb é an rud is mó a rinne idirdhealú idir hÉireannaigh san Astráil agus a leithéidí i dtíortha eile an claonadh a bhí acu san Astráil chun asamhlú le pobail eile. Murab ionann is na hÉireannaigh sna Stáit, ní mhairidís ar scáth a chéile. Bhí a rian sin, dar leis, ar a ndearcadh i leith na mBundúchasach: chaithidís go maith leo agus taispeánann na sloinnte Gaelacha atá ar chuid mhaith Bundúchasach inniu go bpósadh an dá dhream a chéile.

Maíonn McGrath, áfach, nach gcruthaíonn na sloinnte gur mar sin a bhí an scéal. De réir rialacha coilíneacha agus stáit, bhí gá le 'sloinne' mar chomhartha aitheantais agus le haghaidh déirc rialtais agus cúrsaí daonáirimh. Ní raibh sloinnte athartha le fáil i gcóras casta ainmnithe na mBundúchasach. Is minic a d'ainmnítí páistí de shliocht measctha as a bhfostóir – fear arbh é a n-athair ceart é uaireanta. Ba mhinic daoine fásta ainmnithe as an réimse grásaieachta a raibh siad ina gcónaí. Ba iad na póilíní (dream a raibh mórán Éireannach ina measc) a bhailíodh eolas daonáirimh, agus thugaidís a sloinne féin ar na Bundúchasaigh dá réir – nó b'in an fáth a luaití. I ndáiríre, is iomaí póilín a ghin páiste de shliocht measctha ach nach n-admhódh go hoscailte é. In Queensland, sa Chríoch an Tuaiscirt agus in New South Wales ní cheadódh an dlí d'fhear bán lánúnas a dhéanamh le Bundúchasach mná sa dara cuid den 19ú haois ná sa chéad chuid den 20ú haois, agus bheadh air cead a fháil an bhean úd a phósadh.

Deir McGrath nach féidir glacadh gan chúinse leis an tuairim go gcaitheadh na hÉireannaigh níos cothroime leis na Bundúchasaigh ná mar a dhéanadh aon dream eile. Is deacair teacht ar fhianaise a shoiléireodh an scéal – eolas ar bheatha rúnda an teaghlaigh, eolas ar Éireannaigh a bhí páirteach i sléacht.

Bhí scata maith daoránach i measc Éireannaigh na hAstráile, agus míchlú orthu i ngeall ar an olc a bhí acu do Bhundúchasaigh. Luann McGrath tuairisc Lancelot Threlkeld ón London Missionary Society ar an éigniú, ar an gcreachadh agus ar an leatrom eile a rinne daoránaigh theifeacha Éireannacha ar na Bundúchasaigh go luath sa 19ú haois. (Daoine iad na daoránaigh chéanna ar fhág an géibheann a lorg orthu, a d'fhulaing an chuid ba thréine den chomhrac leis na 'gormáin' agus a bheadh an-dian ar dhream ba shuaráí leo ná iad féin.) Ní mar sin a bhí an scéal i gcónaí, áfach: b'fhéidir leis na hÉireannaigh teacht chun réitigh leis na Bundúchasaigh agus muintearas a dhéanamh.

Is léir gur mithid breis taighde a dhéanamh ar an scéal seo. Tá roinnt finscéalta le cartadh agus tá sé thar am an rómánsachas a thréigean. Bíonn an fhírinne searbh, ach bíonn an tuiscint milis.

♦♦♦♦♦

McGrath, Ann: 'Shamrock Aborigines: the Irish, the Aboriginal Australians and their children' in *Aboriginal History*, Volume 34 (2010):
<http://epress.anu.edu.au/apps/bookworm/view/Aboriginal+History+Volume+34,+2010/2641/ch03.xhtml>.

Malcolm, Elizabeth: "'What would people say if I became a policeman?': the Irish policeman abroad' in *Ireland Abroad: Politics and Professions in the Nineteenth Century*. Dublin: Four Courts Press 2003. ISBN 1-85182-606-8.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au or to coling.ryan@ato.gov.au.

Leaganacha simplithe

Ailbhe Ní Ghearbhuigh: file na sráideanna neoin

File óg is ea Ailbhe Ní Ghearbhuigh: rugadh í sa bhliain 1984 i dTrá lí. Tá Fraincis aici, agus chaith sí tamall sa Fhrainc agus i Meiriceá. Tá dánta foilsithe aici ar na hirisí Gaeilge, agus sa bhliain 2008 foilsíodh *Péacadh*, a céad cnuasach. Scriobhann sí dánta greanta¹ gonta.²

Tá cinniúint na teanga³ mar uirlis liteartha le haithint ar shaothar an fhile seo. File cathrach í agus tá eolas aici ar an Eoraip. Scriobhann sí dánta an-phearsanta, agus is breá ‘allas na cathrach,’ mar a deir sí i gceann de na dánta sin. Ní sheachnaíonn sí⁴ ceist na teanga féin ina cuid filíochta, ach is fearr léi plé le cúrsaí a beatha.

Ní file ‘deacair’ í Ní Ghearbhuigh. Tá soiléir, grástúil agus sofaisticiúil, cé go mbíonn dorchadas éigin ina saothar. Tuigeann sí an seanfhocal a deir nach mbíonn aon sólás ná go leanann⁵ a dhólás féin é. Bíonn sí ag siúl na sráideanna, agus bíonn na sráideanan ag siúl léise.

Éireannaigh agus Bundúchasaigh: caidreamh agus neamhchaidreamh

Ba é Patrick O’Farrell, staraí mór na nÉireannach san Astráil, a dúirt go raibh caidreamh⁶ ar leith ag na hÉireannaigh agus ag na Bundúchasaigh ar a chéile.

Tá athscrúdú⁷ déanta ag Ann McGrath, staraí, ar an teoiric sin. Dúirt O’Farrell go mbíodh na hÉireannaigh san Astráil an-sásta asamhlú⁸ le pobail eile. Bhí a rian sin, dar leis, ar a ndearcadh i leith⁹ na mBundúchasach: chaithidís go maith leo. Deir O’Farrell go dtaispeánann na sloinnte¹⁰ Gaelacha atá ar chuid mhaith Bundúchasach inniu go bpósadh Éireannaigh agus Bundúchasaigh a chéile.

Deir McGrath, áfach, go raibh cūiseanna eile leis na sloinnte sin. B’éigean ‘sloinne’ a thabhairt ar Bhundúchasaigh le haghaidh gnóthaí riaracháin.¹¹ D’ainmnítí¹² páistí de shliocht measctha as a bhfostóir,¹³ agus ba é an fostóir sin a n-athair ceart uaireanta. – fear arbh é a bhfiorathair é uaireanta. Ba iad na póilíní (dream a raibh mórán Éireannach ina measc) a bhailíodh eolas daonáirimh agus thugaidís a sloinne féin ar pháistí Bundúchasacha dá réir. I ndáiríre, is iomaí póilín a ghin páiste de shliocht measctha.¹⁴ Ba dheacair dóibh é sin a admháil. Bhí sé neamhdhlíthiúil lánúnas¹⁵ a dhéanamh le Bundúchasach mná¹⁶ i gcuid mhaith den Astráil.

¹ Greanta - polished

² Gonta - succinct

³ Cinniúint na teanga – the fate of the language

⁴ Ní sheachnaíonn sí – she does not avoid (seachain)

⁵ Ná go leanann – that is not followed by

⁶ Caidreamh - intimacy

⁷ Athscrúdú – a second look

⁸ Athshamhlú - assimilate

⁹ A ndearcadh i leith – their view of

¹⁰ Sloinnte - surnames

¹¹ Le haghaidh gnóthaí riaracháin – administrative purposes

¹² D’ainmnítí – used to be named (as – after)

¹³ Fostóir – employer

¹⁴ De shliocht measctha – of mixed descent

¹⁵ Lánúnas – cohabitation

¹⁶ Bundúchasach mná – Aboriginal woman

Deir McGrath nach féidir glacadh gan chúinse¹⁷ leis an tuairim go gcaitheadh na hÉireannaigh níos fearr leis na Bundúchasaigh¹⁸ ná mar a dhéanadh aon dream eile. Níl an fhianaise ann.

Bhí mórán daoránach agus athdhaoránach¹⁹ i measc Éireannaigh na hAstráile. Bhí gráin ag mórán acu ar na Bundúchasaigh. Bhí rian an phríosúin orthu agus d'fhulaing siad an chuid ba thréine²⁰ den chomhrac idir Bundúchasaigh agus Eorpaigh.

Mar sin féin, ní raibh an scéal go holc i gcónaí, agus b'fhéidir leis na hÉireannaigh muintearas²¹ a dhéanamh le Bundúchasaigh.

¹⁷ Gan chúinse - unconditionally

¹⁸ Go gcaitheadh na hÉireannaigh níos fearr leis na Bundúchasaigh – that the Irish used to treat Aborigines better

¹⁹ Mórán daoránach agus athdhaoránach – many convicts and ex-convicts

²⁰ An chuid is thréine/ba thréine – the brunt

²¹ Muintearas - friendship